

Moltar duit an t-eolas seo a choinneáil ar feadh 14 lá tar éis duit tuirling in Éirinn.

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag paisinéirí a thagann chuig an Stát ó thar lear. Féadfar an t-eolas a chuireann tú ar fáil a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat sna 14 lá amach romhainn chun na sonraí a thugtar ar an bhfoirm seo a dheimhniú. Féadfar an fhoirm seo a úsáid freisin chun teagmhálaithe a lorg, i dtaca le cásanna den Covid-19 cinntithe nó amhrasta.

### Ceanglas an fhoirm seo a chomhlánú

- Ceanglaítear ar phaisinéirí a thagann chuig an Stát ó thar lear an fhoirm seo a chomhlánú, saoránaigh Éireannacha san áireamh.
- Agus an fhoirm comhlánaithe, ba chóir í a thabhairt d'oifigeach ag do phointe iontrála chuig an Stát.

### Díolúintí

Ceanglaítear ar phaisinéirí a thagann sa Stát trí chalafort nó trí aerfort an fhoirm seo a chomhlánú, gan seo a leanas a áireamh:

- > Paisinéirí a thagann ó Thuaisceart Éireann.
- > Paisinéirí atá ag fágáil an Stát ón gcalafort nó ón aerfort inar thuirling siad agus nach bhfágfaidh an calafort sin nó an t-aerfort sin ar shlí eile.
- > Daoine a bhfuil Deimhniú d'Oibríthe Iompair Idirnáisiúnta acu nó tiománaithe feithiclí earraí troma atá sa Stát i mbun a gcuid dualgas.
- > Criú aerárthaí (lena n-áirítear an píolótach) atá sa Stát agus iad i mbun a gcuid dualgas.
- > Criú loinge (lena n-áirítear an máistir muirí) atá sa Stát agus iad i mbun a gcuid dualgas.
- > Taidhleoirí coigríche.

### Treoracha

- Ba chóir foirm amháin a chomhlánú do gach paisinéir atá 16 bliain d'aois nó níos sine. I gcás leanaí atá faoi 16 bliain d'aois, ba chóir a sonraí a chur ar fhoirm atá comhlánaithe ag duine fásta atá ag taisteal leo.
- Má tá tú ag fanacht in sa Stát thar oíche, comhlánaigh cuid 1 agus 2, le do thoil. Tabhair sonraí teagmhála i gcuid 3, agus sínigh agus cuir dáta le cuid 4.
- Má tá tú ag fágáil an Stát inniu ar aerárthach nó ar bhád farantóireachta nó ag taisteal go Tuaisceart Éireann, comhlánaigh cuid 1 agus 2 le do thoil, cuir tic sa bhosca i gcuid 3, agus sínigh agus cuir dáta le cuid 4.

- Má athraíonn aon chuid den fhaisnéis a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo sna 14 lá atá romhainn, iarrtar ort ríomhphost a sheoladh le do eolas iomlána nuashonraithe chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: [passengerlocatorform@plf.ie](mailto:passengerlocatorform@plf.ie)
- Féadfar teagmháil a dhéanamh leat le linn na 14 lá tar éis duit teacht go hÉirinn chun an fhaisnéis a thug tú san fhoirm a dheimhniú.

### Cionta agus pionóis

- Tá na cionta seo a leanas inphionóis le fíneáil nach mó ná €2,500 nó le príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon.
- Is cion é gan an fhoirm seo a chomhlánú ar an modh a shonraítear.
- Is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar san fhoirm seo.
- Is cion é gan nuashonrú a sholáthar má athraíonn aon chuid den fhaisnéis i gcuid 3 den fhoirm seo sna 14 lá amach romhainn, nó i rith do thréimhse chónaithe, pé ceann is giorra.
- Is cion é gan an fhaisnéis a éilítear a thabhairt d'oifigeach a iarrann í chun na sonraí ar an bhfoirm seo a fhíorú.
- De bhreis ar na cionta sin, i gcás duine nach bhfuil ag comhlíonadh na gceanglas maidir leis an bhfoirm seo, féadfaidh ball den Gharda Síochána a ordú dó nó di na ceanglais sin a chomhlíonadh amhlaidh. Má mhainníonn tú an treoir sin a chomhlíonadh, is cion é sin a bhféadfar tú a ghabháil ina leith.
- Má tá amhras ar bhall den Gharda Síochána go ndearna duine cion, féadfaidh an ball sin ainm agus seoladh an duine sin a éileamh. Is cion é gan an t-éileamh sin a chomhlíonadh nó ainm agus/nó seoladh bréige a thabhairt. Féadfar duine a ghabháil i leith an chion sin.

### Cosaint Sonraí

- Is iad an tAire Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na rialaitheoirí sonraí don fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo.
- Féadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo, agus aon nuashonruithe a sheolann tú chuig an seoladh ríomhphoist [passengerlocatorform@plf.ie](mailto:passengerlocatorform@plf.ie), a úsáid chun na críocha seo a leanas:
  - > Chun teagmháil a dhéanamh leat chun an fhaisnéis ar an bhfoirm seo a dheimhniú sna 14 lá tar éis duit teacht.
  - > Féadfar an fhoirm seo a úsáid freisin chun teagmhálaithe a lorg, i dtaca le cásanna den Covid-19 cinntithe nó amhrasta.
- Féadfaidh na heagraíochtaí seo a leanas sonraí pearsanta san fhoirm seo a bhailiú agus a phróiseáil:
  - > Aonad Bainistíochta Teorann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
  - > Oifigigh Inimirce de chuid an Gharda Síochána.
  - > Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Scríosfar an fhoirm seo agus aon chóipeanna di agus aon nuashonruithe a sheolann tú chuig an seoladh ríomhphoist [passengerlocatorform@plf.ie](mailto:passengerlocatorform@plf.ie) tar éis 28 lá ó do dháta teachta, mura n-éilítear an fhoirm chun críocha forfheidhmithe dlí.
- Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ríomhphost: [DPO@hse.ie](mailto:DPO@hse.ie)

### 1. Eolas Pearsanta:

Sloinne:

Céadainm:

Breithe:

### 2. Faisnéis Taistil:

Ainm an iompróra:

Dáta teachta:

Am teachta:

Pointe tosaigh:

Pointe is ceann scríbe:

Cúis leis an taisteal (cuir tic i gceann amháin):

Cónaí in Éirinn:

Cuairt ar Theaghlach nó Cairde:

Saoire nó Taisteal:

Obair:

Eitilt Aistrithe:

Idirthuras go Tuaisceart Éireann:

Athlonnú go hÉirinn:

Eile (sonraigh le do thoil): \_\_\_\_\_

### 3. Sonraí teagmhála chun teacht ort:

Díolúine

Má tá tú ag fágáil an phoirt nó an aerfoirt gan bheith i do chónaí sa Stát thar oíche toisc go bhfuil tú ag taisteal ar aghaidh go Tuaisceart Éireann nó thar lear, ní gá duit tuilleadh faisnéise teagmhála a sholáthar. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ort fianaise a thacaíonn leis seo a chur ar fáil.

Más mian leat an díolúine seo a éileamh cuir tic anseo. I gcuid 4, sínigh an fhoirm agus cuir dáta léi.

Fón Póca:

Fón:

Rphost:

Áiteanna agus dátaí cónaithe don 14 lá amach romhainn:

Seoladh 1:

Ó:

Go dtí:

Seoladh 2:

Ó:

Go dtí:

Leanbh 1:

Sloinne:

Céadainm:

Dáta Breithe:

Seoladh más éagsúil ó sheoladh an duine fásta:

Leanbh 2:

Sloinne:

Céadainm:

Dáta Breithe:

Seoladh más éagsúil ó sheoladh an duine fásta:

Is féidir leat sonraí breise a chur ar fhoirm ar leithligh más gá.

### 4. Sínigh an chuid seo den fhoirm agus cuir dáta léi:

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_